

AN PURTÁN A THÁINIG AS MEIRRACÁ GO ROISÍN NA mBAN IACH.

Purtán a rugadh air i Meiriocá cuireadh comhartha eicint air. Caitheadh amach i gcéibh Bhostan, agus trí bliadhne ó'n ám sin rugadh air arist ag Aill Achrais i Roisín na mBan Iach. Baineadh an ordóg dhe freisin i Meiriocá agus bhí an ordóg óg fásta air nuair a thóigeadh i Roisín na mBan Iach é.